3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar riail dlí a bhaineann le hAirteagail 107 agus 108 CFAE a chur i bhfeidhm, sa mhéid gur glacadh an Cinneadh atá faoi chonspóid tar éis moill iomlán míréasúnta, contrártha le prionsabal an dea-riaracháin.

(1) IO 2023 C 52, lch. 10.

(2) Cinneadh (AE) 2019/700 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le státchabhair SA.34914 (2013/C) arna chur chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le Réimeas Cánach Corparáidí Ghiobráltar (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2018)7848) (IO 2019 L 119, lch. 151).

(3) Rialachán (CE) Uimh. 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO 2015 L 248, lch. 9).

---

**Caingean arna tabhairt an 6 Feabhra 2023 – FFPE section Conseil v an Chomhairle**

**(Cás T-44/23)**

(2023/C 179/80)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Fédération de la fonction publique européenne section Conseil (FFPE section Conseil) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: A. Champetier agus S. Rodrigues, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús léi; agus dá bhrí sin,

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir EUR 1 a íoc, go siombalach, mar gheall ar an damáiste neamhábhartha a fulaingíodh, agus

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean le haghaidh neamhniú maidir leis an nóta ón gComhairle an 24 Samhain 2022 lenar cuireadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi thorthaí agus iarmhairtí an nós imeachta fíorúcháin a tionscnaíodh ina leith de bhun Chomhaontú an 28 Márta 2006 arna thabhairt i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ceardchumainn nó eagraíochtaí gairmiúla fhoireann Ardrúnaíocht na Comhairle (“an comhaontú”), maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar an gcomhaontú agus ar an litir misin.

2. An dara saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar mheon an chomhair dhílis a leanann as an gcomhaontú, ar phrionsabal an dea-riaracháin agus ar an bprionsabal ar dá réir go bhforghníomhaítear coinbhinsiúin de mheon macánta.

---

**Caingean arna tabhairt an 16 Feabhra 2023 – Pollinis France v an Coimisiún**

**(Cás T-94/23)**

(2023/C 179/81)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Pollinis France (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: A. Bailleux, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach